C/2025/3984

20.8.2025

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Iúil 2025

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na Fraince

(C/2025/3984)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 121(2) agus Airteagal 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Breithnithe ginearálta

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1263, a tháinig i bhfeidhm an 30 Aibreán 2024, sonraítear cuspóirí an chreata rialachais eacnamaíoch, creat a bhfuil sé d'aidhm aige airgeadas poiblí inbhuanaithe fónta agus fás cuimsitheach inbhuanaithe agus athléimneacht a chur chun cinn trí athchóirithe agus infheistíochtaí, agus easnaimh iomarcacha rialtais a chosc. Sonraítear sa Rialachán go ndéanfaidh an Chomhairle agus an Coimisiún faireachas iltaobhach i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh i gcomhréir leis na cuspóirí agus na ceanglais a leagtar amach in CFAE. Áirítear sa Seimeastar Eorpach, go háirithe, foirmliú na moltaí tírshonracha agus faireachas ar chur chun feidhme na moltaí sin. Leis an Rialachán, cuirtear úinéireacht náisiúnta i leith an bheartais fhioscaigh chun cinn, agus béim á leagan ar an bhfócas meántéarmach a bhaineann leis an mbeartas céanna, agus i dteannta leis sin cuirtear forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí chun cinn chomh maith. Ní mór do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin, plean ina mbeidh a chuid gealltanas fioscach, athchóiriúcháin agus infheistíochta, thar thréimhse 4 nó 5 bliana, de réir fhad an téarma reachtaigh náisiúnta. Ní mór an chonair ghlanchaiteachais ([2]) sna pleananna sin ceanglais an Rialacháin a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais ollfhiachas rialtais a chur nó a choimeád ar chonair inchreidte anuas faoi dheireadh na tréimhse coigeartúcháin, nó go bhfanfaidh sé ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % den olltáirgeacht intíre (OTI), agus an t-easnamh rialtais ghinearálta a thabhairt agus/nó a choimeád faoi bhun luach tagartha an Chonartha, is é sin 3 % de OTI, sa mheántéarma. I gcás ina dtugann Ballstát gealltanas i leith sraith ábhartha d'athchóirithe agus infheistíochtaí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach sa Rialachán, féadtar síneadh suas le 3 bliana a chur leis an tréimhse choigeartúcháin.

([1]) IO L, 2024/1263, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj.

([2]) Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) de Rialachán (AE) 2024/1263: ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar na rudaí seo a leanas: (i) caiteachas úis; (ii) bearta lánroghnacha ioncaim; (iii) caiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais; (iv) caiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár arna gcistiú ag an Aontas; (v) gnéithe timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta; agus (vi) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(2) Tháinig Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta ('an tSaoráid'), i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Leis an tSaoráid cuirtear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíochtaí a chur chun feidhme, agus soláthraítear spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch, déanann an tSaoráid an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a chothú, agus spreagann sí athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe an tráth céanna, go háirithe athchóirithe agus infheistíochtaí trína gcuirtear an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach chun cinn agus trína gcuirtear le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoi chruthú post sa mheántéarma agus san fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(3) Is é is aidhm do Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) ('Rialachán REPowerEU'), a glacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur, de réir a chéile, le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Cuidíonn sé sin ó thaobh slándáil fuinnimh a bhaint amach agus ó thaobh soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus an tráth céanna, cuireann sé le glacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh, le hacmhainneachtaí stórála agus le héifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Fhrainc caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(4) An 28 Aibreán 2021, chuir an Fhrainc a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 den Rialachán sin, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe a leagtar amach in Iarscríbhinn V. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince ([5]) a leasaíodh de réir Airteagal 18(2) an 14 Iúil 2023 chun an ranníocaíocht uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a thabhairt cothrom le dáta, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh ([6]). Chun go scaoilfear na tráthchodanna, caithfidh cinneadh a bheith glactha ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5), ina sonraítear go bhfuil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle bainte amach go sásúil ag an bhFrainc. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na gcloch míle agus na spriocanna roimhe sin maidir leis an athchóiriú céanna nó an infheistíocht chéanna.

(5) An 21 Eanáir 2025, ar mholadh ón gCoimisiún, ghlac an Chomhairle moladh lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Fraince ([7]). Cuireadh an plean isteach i gcomhréir le hAirteagail 11 agus 36(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2024/1263, cumhdaítear leis an tréimhse ó 2025 go 2029, agus cuirtear i láthair leis coigeartú fioscach i gcaitheamh 7 mbliana.

(6) An 26 Samhain 2024 ghlac an Coimisiún tuairim maidir le dréachtphlean buiséadach na Fraince 2025. An dáta céanna, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún Tuarascáil 2025 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil nár shainaithin go bhfuil an Fhrainc ar cheann de na Ballstáit a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, agus togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht 2025, ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus ar phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Ghlac an Chomhairle an Moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro ([8]) an 13 Bealtaine 2025 agus an Tuarascáil Chomhpháirteach ar Fhostaíocht an 10 Márta 2025.

(7) An 29 Eanáir 2025 d'fhoilsigh an Coimisiún an Compás Iomaíochais, creat straitéiseach arb é is aidhm dó borradh a chur faoi iomaíochas domhanda an Aontais sna 5 bliana amach romhainn. Sainaithnítear ann na trí riachtanas chlaochlaitheacha a bhaineann le fás eacnamaíoch inbhuanaithe: (i) an nuálaíocht; (ii) an dícharbónú agus an t-iomaíochas; agus (iii) an tslándáil. Chun an bhearna nuálaíochta a dhúnadh, tá sé d'aidhm ag an Aontas nuálaíocht thionsclaíoch a chothú, tacú le fás gnólachtaí nuathionscanta trí thionscnaimh amhail an Straitéis AE um Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Gnólachtaí atá ag Méadú, agus glacadh ardteicneolaíochtaí a chur chun cinn, an intleacht shaorga agus an ríomhaireacht chandamach, cuir i gcás. Ar mhaithe le geilleagar níos glaise a bhaint amach,

([3]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

([5]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince (10162/21; 10162/21 ADD 1).

([6]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 14 Iúil 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince (11150/23; 11150/23).

([7]) Moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 lena bhformhuinítear plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta na Fraince (IO C, C/2025/659, 10.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/659/oj).

([8]) Moladh (AE) ón gComhairle an 13 Bealtaine 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro (IO C, C/2025/2782, 22.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/2782/oj).

tá Plean Gníomhaíochta cuimsitheach um Fhuinneamh Inacmhainne agus Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan leagtha amach ag an gCoimisiún, rud a áiritheoidh go mbeidh an t-aistriú chuig fuinneamh glan costéifeachtach agus fabhrach don iomaíochas i gcónaí, go háirithe i gcás earnálacha dianfhuinnimh, agus ina spreagadh don fhás. Chun spleáchais iomarcacha a laghdú agus an tslándáil a mhéadú, tá an tAontas tiomanta do chomhpháirtíochtaí trádála domhanda a neartú, do shlabhraí soláthair a éagsúlú agus do rochtain ar amhábhair chriticiúla agus ar fhoinsí fuinnimh glana a áirithiú. Is iad na cumasóirí cothrománacha seo a leanas atá ina mbonn taca ag na tosaíochtaí sin — simpliú rialála, doimhniú an mhargaidh aonair, maoiniú iomaíochais agus Aontais Coigiltis agus Infheistíochta, cur chun cinn scileanna agus poist ardcháilíochta, agus comhordú níos fearr ar bheartais an Aontais. Tá an Compás Iomaíochais ailínithe leis an Seimeastar Eorpach, rud a áirithíonn go bhfuil beartais eacnamaíocha na mBallstát comhsheasmhach le cuspóirí straitéiseacha an Choimisiúin, ionas go bhfuil cur chuige aontaithe ann maidir le rialachas eacnamaíoch lena gcothaítear fás inbhuanaithe, nuálaíocht agus athléimneacht ar fud an Aontais.

(8) In 2025, beidh an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch ag forbairt leis de réir mar a bheidh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta á cur chun feidhme. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá na moltaí tírshonracha sin fós chomh hábhartha céanna maidir leis an measúnú ar phleananna téarnaimh agus athléimneachta leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(9) Na príomhdhúshláin beartais eacnamaíoch nach dtugtar aghaidh orthu go leordhóthanach leis na bearta atá sna pleananna téarnaimh agus athléimneachta, cumhdaíonn moltaí tírshonracha 2025 iad, agus na dúshláin ábhartha a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2019-2024 á gcur san áireamh.

(10) An 4 Meitheamh 2025, d'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2025 maidir leis an bhFrainc. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar an dul chun cinn atá déanta ag an bhFrainc ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha agus rinneadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince a mheas. I bhfianaise na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre na dúshláin is práinní atá le sárú ag an bhFrainc. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun cinn na Fraince ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna 2030 an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú an eisiata shóisialta agus na bochtaineachta a bhaint amach, mar aon leis an dul chun cinn ó thaobh Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

Measúnú ar an Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn

(11) An 21 Eanáir 2025, mhol an Chomhairle na huasrátaí fáis glanchaiteachais seo a leanas le haghaidh na Fraince: 0,8 % in 2025, 1,2 % in 2026, 1,2 % in 2027, 1,2 % in 2028 agus 1,1 % in 2029, rátaí a chomhfhreagraíonn do na huasrátaí fáis carnacha arna ríomh faoi threoir 2023, mar atá 4,6 % in 2025, 5,8 % in 2026, 7,1 % in 2027, 8,4 % in 2028 agus 9,5 % in 2029. In 2025-2029, beidh uasrátaí fáis sin an ghlanchaiteachais ag teacht leis an gconair cheartaitheach i gcomhréir le hAirteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97, mar a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025 d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach ([9]). An 30 Aibreán 2025, thíolaic an Fhrainc a Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn ([10]), maidir le gníomhaíocht a rinneadh mar fhreagairt ar an moladh ón gComhairle an 21 Eanáir 2025 d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach, cur chun feidhme na sraithe athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin agus cur chun feidhme athchóirithe agus infheistíochtaí lena bhfreagraítear do na príomhdhúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha an tSeimeastair Eorpaigh. An Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, is léiriú freisin í ar thuairisciú débhliantúil na Fraince i ndáil leis an dul chun cinn atá déanta maidir lena plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach i gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241.

(12) Is dúshlán eiseach don Aontas Eorpach é an cogadh foghach atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus a iarmhairtí. Mhol an Coimisiún clásal éalaithe náisiúnta an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis a ghníomhachtú ar bhealach comhordaithe chun tacú le hiarrachtaí an Aontais méadú tapa suntasach ar chaiteachas cosanta a bhaint amach agus ba dhíol sásaimh do Chomhairle Eorpach an 6 Márta 2025 an togra sin.

(13) Ar bhonn na sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat ([11]), tháinig méadú ar easnamh rialtais ghinearálta na Fraince ó 5,4 % de OTI in 2023 go 5,8 % in 2024, agus tháinig méadú ar an bhfiachas rialtais ghinearálta ó 109,8 % de OTI ag deireadh 2023 go 113,0 % ag deireadh 2024. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin

([9]) Moladh ón gComhairle d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach sa Fhrainc, C/5033/1/25.
([10]) Tá Tuarascálacha Bliantúla 2025 ar Dhul Chun Cinn ar fáil ar: https://economy-finance.ec.europa.eu/economic-and-fiscal-governance/stability-and-growth-pact/preventive-arm/annual-progress-reports_en.
([11]) Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2025.

do ráta fáis glanchaiteachais 3,1 % in 2024. I dTuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn 2025, measann an Fhrainc gur 3,3 % atá san fhás glanchaiteachais in 2024. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach ([12]), lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, bhí sí neodrach den chuid is mó in 2024.

(14) De réir na Tuarascála Bliantúla ar Dhul Chun Cinn, sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca le réamh-mheastacháin bhuiséadacha na Fraince, tá coinne le fás fíor-OTI 0,7 % in 2025 agus 1,2 % in 2026 ([13]), agus réamh-mheastar go mbeidh boilsciú CPI 1,4 % ann in 2025. Réamh-mheastar i Réamhaisnéis an Earraigh 2025 ón gCoimisiún go bhfásfaidh an fíor-OTI faoi 0,6 % in 2025 agus faoi 1,3 % in 2026, agus go mbeidh boilsciú ICPT 0,9 % ann in 2025 agus 1,2 % in 2026.

(15) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 5,4 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 116,2 % faoi dheireadh 2025. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin do ghlanfhás caiteachais 0,9 % in 2025. Le Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar easnamh rialtais ghinearálta 5,6 % de OTI in 2025. Léiríonn an laghdú ar an easnamh in 2025 den chuid is mó tionchar na mbeart méadaithe ioncaim a mheastar a bheith thart ar 0,5 % de OTI, mar aon le bearta laghdaithe caiteachais, ar thomhaltas poiblí agus aistrithe sóisialta den chuid is mó, ar fiú beagnach 0,3 % de OTI iad. Fritháiríonn siad sin an caiteachas réamh-mheasta ar shochar dífhostaíochta níos airde agus na híocaíochtaí úis méadaithe ar fhiachas rialtais. De réir ríomhanna an Choimisiúin, comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 0,9 % in 2025. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach chrapthach ann in 2025, mar atá 0,9 % de OTI. Meastar go dtiocfaidh méadú go 116,0 % ar an gcóimheas idir fiachas an rialtais ghinearálta agus OTI faoi dheireadh 2025. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2025 an easnamh príomha ard.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas ginearálta rialtais ar fiú 0,1 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha ('deontais') ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2025, i gcomparáid le 0,1 % de OTI in 2024, de réir Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le tacaíocht neamh-inaisíoctha ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe lena gcuirfear leis an táirgiúlacht a dhéanamh gan tionchar díreach a imirt ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiachas na Fraince.

(17) Is éard a bhí i gcaiteachas ginearálta an rialtais ar chosaint sa Fhrainc 1,7 % de OTI in 2021, 1,8 % de OTI in 2022 agus 1,8 % de OTI in 2023 ([14]). De réir Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar gur 1,9 % de OTI a bheidh sa chaiteachas ar chosaint in 2024 agus 2025 araon. Comhfhreagraíonn sé sin do mhéadú 0,2 pointe céatadáin de OTI i gcomparáid le 2021.

(18) De réir Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go bhfásfaidh an glanchaiteachas sa Fhrainc 0,9 % in 2025 agus gur fás carnach 4,1 % a bheidh ann in 2024 agus 2025. Ar bhonn Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go mbeidh glanfhás caiteachais na Fraince in 2025 os cionn an uasráta fáis a mholtar, ráta a chomhfhreagraíonn do dhiall ([15]) 0,1 % de OTI i dtéarmaí bliantúla. Ní sháraíonn an diall réamh-mheasta an tairseach 0,3 % de OTI don diall bliantúil, agus bheadh toimhde láidir ann ina dhiaidh sin nach ndéanfaí aon ghníomhaíocht éifeachtach. Agus 2024 agus 2025 á mbreithniú le chéile, réamh-mheastar go mbeidh ráta fáis carnach an ghlanchaiteachais faoi bhun an uasráta fáis a mholtar. Dá bhrí sin, tá an nós imeachta um easnamh iomarcach don Fhrainc ar stad. Ag an am céanna, iarrtar ar an bhFrainc a bheith ullamh chun bearta breise a dhéanamh chun an chonair cheartaitheach a chomhlíonadh. Déanfar measúnú níos iomláine nuair a bheidh sonraí olltoraidh ar fáil.

(19) Sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 4,6 % de OTI in 2026, agus réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 117,6 % faoi dheireadh 2026. Tar éis 2026, sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar an easnamh rialtais ghinearálta go 4,1 % de OTI in 2027, go 3,4 % de OTI in 2028, agus go 2,8 % de OTI in 2029. Dá bhrí sin, réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú tar éis 2026 ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 118,1 % in 2027 agus ansin go laghdófar é de réir a chéile go 117,8 %

([12]) Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

([13]) I ngach bliain, déantar fás OTI a thuairiscítear sa Tuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn a choigeartú de réir séasúir agus de réir féilire.

([14]) Eurostat, caiteachas rialtais de réir aicmiú fheidhmeanna an rialtais (COFOG). De bharr difríochtaí modheolaíochta idir sainmhínithe COFOG agus ECAT, d'fhéadfadh sé gurbh éagsúil an caiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú COFOG leis an gcaiteachas atá bunaithe ar shainmhíniú ECAT.

([15]) Ó 2026 ar aghaidh beidh na figiúirí sin le feiceáil sa chuntas rialaithe a bhunaítear in Airteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1263.

in 2028 agus 117,2 % in 2029. Bunaithe ar bhearta beartais ar a dtugtar scoithdháta na réamhaisnéise, réamh-mheastar i Réamhaisnéis Earraigh 2025 ón gCoimisiún barrachas rialtais 5,7 % de OTI in 2026. Léiríonn an méadú ar an easnamh in 2026 den chuid is mó an toimhde gan athrú beartais agus íocaíochtaí úis méadaitheacha ar fhiachas rialtais. Comhfhreagraíonn na forbairtí sin d'fhás glanchaiteachais 2,5 % in 2026. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, maidir leis an staid fhioscach, lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú go náisiúnta agus caiteachas arna mhaoiniú ag an Aontas araon, réamh-mheastar go mbeidh staid fhioscach neodrach ann den chuid is mó in 2026. Is é réamh-mheastachán an Choimisiúin go dtiocfaidh méadú go 118,4 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2026. Den chuid is mó, léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2026 an easnamh príomha ard.

(20) Leis an moladh lena bhformhuinítear plean struchtúrach fioscach meántéarmach na Fraince, sonraítear an tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a chur leis an tréimhse choigeartúcháin, mar aon le hamlíne chun iad a chur chun feidhme. Áirítear orthu sin bearta atá ann cheana agus bearta treisithe ón bplean téarnaimh agus athléimneachta, amhail athbhreithnithe caiteachais a threisiú, athchóirithe chun dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite, árachas dífhostaíochta a athchóiriú agus caiteachas taighde poiblí a mhéadú, chomh maith le hathchóirithe agus infheistíochtaí breise amhail cuíchóiriú cánach agus caiteachas sóisialta, athchóiriú ar na laghduithe ginearálta ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta, athchóirithe chun an timpeallacht ghnó a shimpliú agus dícharbónú na tionsclaíochta a éascú. Agus an fhaisnéis a chuir an Fhrainc ar fáil ina Thuarascáil Bhliantúil ar Dhul Chun Cinn á cur san áireamh, measann an Coimisiún gur cuireadh chun feidhme na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí atá mar bhonn taca le síneadh a bhí dlite faoin 30 Aibreán 2025, cé is moite den athchóiriú ar na laghduithe ginearálta ar ranníocaíochtaí slándála sóisialta i gcoibhneas leis an bpá íosta (SMIC), lenar soláthraíodh coigilteas beagán níos ísle ná mar a gealladh.

(21) Tá na caiteachais chánach líonmhar sa Fhrainc, agus cruthaítear ualach trom buiséadach dá dtoradh. Meastar gur EUR 83,3 billiún (2,9 % de OTI) atá sna 467 gcaiteachas cánach sa dréachtbhuiséad do 2024, is é sin thart ar an gceathrú cuid d'ioncam iomlán an stáit. De réir Chúirt Iniúchóirí na Fraince, tugann costas buiséadach deiridh an chaiteachais chánach in 2024 titim EUR 4,55 billiún le tuiscint i gcomparáid lena gcostas measta tosaigh, rud a mhéadaíonn *de facto* a treocht aníos i dtéarmaí réadacha ó 2013 in ainneoin go leor iarrachtaí chun a gcostas agus a líon a rialú. Thairis sin, ní áirítear leis an gcostas réamhluaite caiteachas cánach a bhaineann leis an gcáin bhreisluacha a chineachtar chuig rialtais áitiúla agus chuig riaracháin slándála sóisialta. Is iad na caiteachais chánach is mó de réir a dtionchair bhuiséadaigh i ndlí buiséadach 2024 an creidmheas cánach taighde (*crédit d'impôt en faveur de la recherche*, EUR 7,9 billiún), an creidmheas cánach d'fhostaithe intíre (crédit d'impôt pour l'emploi d'un salarié à domicile, EUR 6,7 billiún), an liúntas 10 % ar phinsin agus ar shocruithe scoir (*abattement de 10 % sur les pensions et retraites*, EUR 4,8 billiún), díolúine na suimeanna a íoctar as rannpháirtíocht tuarastal i mbrabúis an ghnólachta, comhroinnt gnóthachan caipitiúil, pleananna coigiltis d'fhostaithe agus pleananna coigiltis scoir (EUR 2,8 billiún) agus an ráta 10 % le haghaidh oibreacha feabhsúcháin, tiontúcháin, feistiúcháin agus cothabhála (*taux de 10 % pour les travaux d'amélioration, de transformation, d'aménagement et d'entretien*, EUR 2,2 billiún). Os a choinne sin, tá go leor caiteachas cánach ann a mbaineann tairbhí aonair teoranta leo agus a chruthaíonn ualach mór foriomlán buiséadach, ach i gcásanna eile, ní fios líon na dtairbhithe, rud a chuireann bac ar a smacht iomlán. Laghdaíonn caiteachais chánach éifeachtúlacht agus trédhearcacht chóras cánach na Fraince, tugtar isteach méid suntasach castachta leo agus, ar bhonn níos leithne, spreagtar caillteanais i ndáil le héifeachtacht leithdháilte leo mar gheall ar an saobhadh ar chinntí aonair. Leis an dlí clársceidealaithe airgeadais phoiblí ilbhliantúil le haghaidh 2023-2027, a glacadh i mí na Samhna 2023, tugadh isteach forálacha sonracha chun tionchar buiséadach na gcaiteachas cánach a theorannú, chun a líon a rialú agus chun iad a dhéanamh níos éifeachtúla, agus é d'aidhm ag an am céanna trédhearcacht na cumarsáide leis an bparlaimint a fheabhsú sa phróiseas buiséadach bliantúil. Mar sin féin, is beag rath a bhí ar iarrachtaí a rinneadh roimhe seo maidir le castacht chánach agus an costas buiséadach a bhaineann le caiteachais chánach a laghdú.

(22) Is é 57,1 % de OTI in 2024 caiteachas poiblí na Fraince agus tá sé ar na méideanna is airde san Aontas; 7,5 pointe céatadáin os cionn mheán an Aontais. Tuartar i réamhaisnéis an earraigh 2025 ón gCoimisiún go mbeidh bearna den chineál céanna ann in 2025 agus in 2026. Dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht chinntitheach maidir le caiteachas poiblí chun comhdhlúthú fioscach a bhaint amach sa Fhrainc. Is é is aidhm don sásra athbhreithnithe caiteachais a glacadh le dlí buiséadach 2023, mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta, meastóireachtaí rialta a dhéanamh chun na caiteachais is éifeachtúla atá fabhrach don fhás, don chuimsiú sóisialta agus don aistriú glas agus don aistriú digiteach a shainaithint, agus ag an am céanna tacú le comhdhlúthú fioscach trí choigilteas caiteachais a bhaint amach i gcás ina mbraitear neamhéifeachtúlachtaí. Mar chuid dá plean fioscach-struchtúrach meántéarmach agus chun taca a chur faoi shíneadh ar an tréimhse choigeartúcháin fhioscaigh, gheall an Fhrainc roinnt beart a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin. De réir Thuarascáil Bhliantúil na Fraince ar Dhul Chun Cinn, meastar gur sainaithníodh agus gineadh coigilteas EUR 4,3 billiún sna hathbhreithnithe caiteachais a rinneadh in 2024 i ndlí buiséadach 2025, rud a thabharfadh le tuiscint go ndéanfaí dul chun cinn substaintiúil i dtreo an chuspóra i bplean fioscach-struchtúrach meántéarmach na Fraince maidir le coigilteas buan carnach EUR 8 mbilliún idir 2025-2027 a bhaint amach. Amach anseo, i dtaca le comhdhlúthú fioscach, bhainfí tairbhe as tuilleadh comhtháthú rialta spriocanna coigilte caiteachais cainníochtaithe a thagann ó athbhreithnithe caiteachais isteach i bpleanáil bhuiséadach bhliantúil agus ilbhliantúil a bheidh ann amach anseo.

Príomhdhúshláin bheartais

(23) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh siad sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse ghairid sin, tá sé ríthábhachtach cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena n-áirítear an chaibidil REPowerEU, a thabhairt chun críche chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na Fraince leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta á háirithiú san am céanna. Leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún NextGenerationEU – An bóthar go 2026, a glacadh an 4 Meitheamh 2025, soiléirítear an amlíne is infheidhme maidir le deireadh na Saoráide agus soláthraítear treoraíocht do na Ballstáit chun an cur chun feidhme a uasmhéadú faoin 31 Lúnasa 2026, lena n-áirítear maidir le conas a bpleananna téarnaimh agus athléimneachta a chuíchóiriú a thuilleadh, leagtar amach na príomhroghanna atá le cur san áireamh agus iad á n-athbhreithniú, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá sé pleanáil chomhpháirteach chúramach a dhéanamh roimh ré chun na hiarrataí deiridh ar íocaíocht a chur isteach in 2026. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe sóisialta, na sochaí sibhialta agus páirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(24) Sa Fhrainc, tá dlús curtha le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe, lena gcuimsítear tacaíocht ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE), ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) agus ó Chiste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+). Tá sé tábhachtach leanúint de na hiarrachtaí chun cur chun feidhme tapa na gclár sin a áirithiú, agus a dtionchar ar an láthair á uasmhéadú ag an am céanna. Tá an Fhrainc ag gníomhú cheana féin faoina cláir beartais comhtháthaithe chun borradh a chur faoin iomaíochas agus faoin bhfás agus tá an comhtháthú sóisialta á fheabhsú aici ag an am céanna. Ag an am céanna, tá dúshláin fós le sárú ag an bhFrainc, lena n-áirítear an gá atá le leas níos fearr a bhaint as na deiseanna tionsclaíocha a chuirtear ar fáil leis an aistriú glas agus leis an aistriú digiteach, dúshláin a bhaineann le tithíocht, go háirithe i gcomharsanachtaí díothacha i gceantair uirbeacha agus an gá atá le rochtain ar uisce glan agus ar shláintíocht a fheabhsú, go háirithe sna réigiúin is forimeallaí, go háirithe in Mayotte. Thairis sin, chun an athléimneacht shóisialta a fheabhsú, ní mór aird ar leith a thabhairt ar infheistíocht a dhéanamh in uas-sciliú agus athsciliú chun freastal ar riachtanais mhargadh an tsaothair, ag díriú ar na grúpaí is mó atá faoi mhíbhuntáiste agus bearta frithbhochtaineachta agus cuimsithe shóisialta a threisiú, agus aird ar leith á tabhairt ar leanaí. I gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) 2021/1060, ceanglaítear ar an bhFrainc – mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais comhtháthaithe – gach clár a athbhreithniú agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, i measc nithe eile, á gcur san áireamh. Leis na tograí ón gCoimisiún a glacadh an 1 Aibreán 2025 ([16]), cuirtear síneadh leis an spriocdháta chun measúnú a chur isteach – le haghaidh gach cláir – ar thoradh an athbhreithnithe mheántéarma tar éis an 31 Márta 2025. Cuirtear ar fáil leo freisin solúbthachtaí chun cuidiú le dlús a chur le cur chun feidhme clár agus dreasachtaí do na Ballstáit acmhainní an bheartais comhtháthaithe a leithdháileadh ar chúig réimse tosaíochta straitéisí de chuid an Aontais, is iad sin iomaíochas i dteicneolaíochtaí straitéiseacha, cosaint, tithíocht, athléimneacht uisce agus aistriú fuinnimh, agus infheistíocht i scileanna i réimsí tosaíochta, agus, ag an am céanna, fócas á choinneáil ar dhaoine sna staideanna is leochailí de réir chláir CSE+.

(25) Deis atá san Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) infheistíocht a dhéanamh i gceann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha an Aontais, is é sin iomaíochas an Aontais a neartú. Cuirtear STEP ar fáil trí 11 chiste AE atá ann cheana. Is féidir leis na Ballstáit rannchuidiú leis an gclár InvestEU freisin, clár a thacaíonn le hinfheistíochtaí sna réimsí tosaíochta. D'fhéadfadh an Fhrainc an leas is fearr a bhaint as na tionscnaimh sin chun tacú le forbairt nó monarú teicneolaíochtaí criticiúla, teicneolaíochtaí atá glan agus tíosach ar acmhainní san áireamh.

(26) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta agus i gcistí eile de chuid an Aontais, ba cheart don Fhrainc aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin atá fós ann a bhaineann leis an ualach rialála agus riaracháin, déine T&F in earnáil an ghnó, éifeachtacht an chomhair idir an lucht gnó agus an saol acadúil, digiteáil fiontar beag agus meánmhéide (FBManna), dícharbónú iompair agus foirgneamh, leathadh amach foinsí fuinnimh in-athnuaite agus infheistíochtaí gaolmhara san eangach leictreachais agus sa stóráil leictreachais, ganntanais scileanna, an córas oideachais, gairm na múinteoireachta agus bochtaineacht leanaí.

(27) Mar a leagtar amach sa Chompás Iomaíochais, ní mór do na hinstitiúidí Eorpacha, náisiúnta agus áitiúla uile iarracht mhór a dhéanamh rialacha níos simplí a chur ar fáil agus dlús a chur le luas na nósanna imeachta riaracháin. Tá spriocanna uaillmhianacha leagtha síos ag an gCoimisiún chun an t-ualach riaracháin a laghdú: 25 % ar a laghad, agus i gcás FBManna 35 % ar a laghad; agus tá uirlisí nua cruthaithe aige chun na spriocanna sin a bhaint amach, lena n-áirítear tástáil struis chórasach ar stoc reachtaíocht an Aontais agus idirphlé feabhsaithe le páirtithe leasmhara. Chun teacht leis an uaillmhian sin, ní mór don Fhrainc tuilleadh beart a dhéanamh freisin. Measann 84 % de

([16]) Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1058 agus (AE) 2021/1056 a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma - COM(2025) 123 final.

ghnólachtaí gur fadhb í castacht na nósanna imeachta riaracháin dá gcuideachta agus iad i mbun gnó sa Fhrainc ([17]). Tá roinnt athchóirithe glactha ag an bhFrainc darb aidhm an t-ualach riaracháin a laghdú ([18]) agus dlús a chur leis an ngníomhaíocht phoiblí ([19]). D'fhéadfadh sé gur chuir na hiarrachtaí sin le laghdú ar an dearcadh go bhfuil rialacháin ghnó ina mbacainn fhadtéarmach ar infheistíocht mar a léirítear leis an meath atá tagtha ar ghnólachtaí a mheasann gur constaic mhór atá sna rialacháin (ó 25 % in 2019 agus 22 % in 2020 go 19,7 % in 2024). Thairis sin, tá feabhas curtha ag an bhFrainc ar a seasamh i gcoibhneas le meán an Aontais ó 2019 i leith ([20]). Mar chuid dá plean fioscach-struchtúrach meántéarmach agus chun taca a chur faoi shíneadh ar an tréimhse choigeartúcháin fhioscaigh, gheall an Fhrainc roinnt athchóirithe a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin. Tá gá le bearta breise, áfach, chun aghaidh a thabhairt go hiomlán ar dhúshlán an ualaigh rialála agus riaracháin. De réir mheasúnú an Choimisiúin ([21]) agus tháscairí Rialachán 2023 ECFE maidir leis an Margadh Táirgí, le haghaidh seirbhísí miondíola agus gnó, ar gairmeacha rialáilte iad go leor acu, tá srianta rialála fós níos airde sa Fhrainc i gcomparáid le Ballstáit eile. Dá ndéanfaí ceanglais a athdhearadh chun rochtain a fháil ar ghníomhaíochtaí seirbhíse agus iad a fheidhmiú, b'amhlaidh a spreagfaí nuálaíocht, iomaíocht agus soghluaisteacht ghairmiúil, rud a mbeadh tionchar dearfach foriomlán eacnamaíoch ann dá dtoradh ([22]). Trí shrianta ar mhiondíol a mhaolú – amhail ceanglais chlárúcháin, údaruithe agus srianta oibríochtúla lena n-áirítear ar dhíolacháin – d'fhéadfaí feabhas a chur ar oibríochtaí gnó agus dul chun tairbhe do thomhaltóirí trí phraghsanna iomaíocha agus trí rogha táirgí níos leithne.

D'fhéadfaí tuilleadh feabhais a chur ar an gcóras foriomlán ceadúnúcháin agus ceadúcháin, cé nach bhfuil sé chomh trom céanna ó thaobh ualaigh de le meán an Aontais, ach dea-chleachtais a ghlacadh lena n-áirítear athbhreithnithe rialta ar cheadanna agus ar cheadúnais chun measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leo.

(28) Cé gurb ag an bhFrainc atá an sciar is airde de thacaíocht phoiblí do T&F in earnáil an ghnó ([23]) san Aontas (níos mó ná dhá oiread mheán an Aontais le haghaidh tacaíocht phoiblí iomlán agus dá comhpháirt de dhreasachtaí cánach araon), tá déine T&F in earnáil an ghnó sa Fhrainc marbhánta agus d'fhan sí beagán faoi bhun mheán an Aontais in 2023. Go háirithe, tá creidmheas cánach costasach ar thaighde i bhfeidhm (EUR 7,9 billiún in 2024), cé gur léiríodh laigí móra sna meastóireachtaí ([24]). Go háirithe, léiríodh sa mheastóireacht a rinne an Coimisiún Náisiúnta um Meastóireacht ar Bheartais Nuálaíochta in 2021 nach raibh aon éifeacht shuntasach ag an scéim ar ghnólachtaí móra, d'ainneoin an leathchuid den tacaíocht a bheith aistrithe chucu. Mar a mhol an Ard-Chigireacht Airgeadais (*Inspection Générale des Finances*) i mí an Mhárta 2024 ([25]), i ndlí buiséid 2025 rinneadh an scéim creidmheasa cánach taighde a athdhíriú beagán ar chaiteachas T&F, is é sin trí chaiteachas a eisiamh ón mbonn caiteachais incháilithe a bhaineann le faire teicneolaíochta agus maoin intleachtúil.

Chomh maith leis sin, cuireadh deireadh le dúbailt an bhoinn cánach chun taighdeoirí iardhochtúireachta a fhostú faoin scéim. Cé gur cheart coigilteas áirithe a bheith ann de thoradh na mbeart sin ([26]) (measadh gur 5 % de chaiteachas cánach bliantúil an chreidmheasa cánach sin a bheadh ann), ní mheastar go méadóidh siad go suntasach torthaí T&F in earnáil an ghnó, toisc nach ndéanann siad ach athrú beag ar raon feidhme na scéime. Dá ndéanfaí sciar níos mó den chabhair a leithdháileadh ar FBManna nuálacha, ar chuideachtaí meánchaipitlithe agus ar ghnólachtaí nuathionscanta agus dá n-éascófaí a nglacadh leis an scéim ([27]), d'fhéadfaí borradh a chur faoi iarrachtaí

([17]) Dearcadh gnólachtaí i leith an éillithe san Aontas, Flaistuarascáil, Tuarascáil Eorabharaiméadair (Aibreán 2024).
([18]) Dlí an 22 Bealtaine 2019 maidir le fás agus claochlú gnólachtaí (Pacte).
([19]) Dlí an 7 Nollaig 2020 maidir le simpliú na gníomhaíochta poiblí agus dlús a chur léi (ASAP).
([20]) An Banc Eorpach Infheistíochta, Suirbhé Infheistíochta BEI 2024. I gcás an Aontais, ríomhtar meán uimhríochtúil.
([21]) An Coimisiún Eorpach, Táscaire maidir le srianta ar an miondíol (nuashonrú 2022), 2024.
([22]) Tá coinne leis an measúnú a dhéanfaidh údarás iomaíochta na Fraince ar ball ar na hathchóirithe a bhaineann le coinníollacha bunaíochta agus taraifí gairmeacha dlí rialáilte i samhradh 2025.
([23]) Bhí tacaíocht phoiblí na Fraince don T&F in earnáil an ghnó ag 0,45 % de OTI in 2021, i gcomparáid le meán an Aontais (0,2 %). In 2021, b'ionann dreasachtaí cánach T&F agus ioncam ligthe thar ceal de 0,28 % de OTI sa Fhrainc, i gcomparáid le meán an Aontais (0,1 %). 1,44 % a bhí sa déine T&F in earnáil an ghnó sa Fhrainc in 2023 (ar an leibhéal céanna le 2012), faoi bhun mheán an Aontais (1,49 %).
([24]) ECFE (2020), 'How effective are R&D tax incentives? New evidence from the OECD microBeRD project', Nóta Beartais ón Stiúrthóireacht um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht, ECFE, Páras.
Conseil d'analyse économique (2022), Focus N°090-2022 'Renforcer l'impact du Crédit d'impôt recherche', Philippe Aghion, Nicolas Chanut et Xavier Jaravel.
([25]) An Ard-Chigireacht Airgeadais. Athbhreithniú ar chaiteachas: tacaíocht do ghnólachtaí, Márta 2024, ar fáil ag: https://www.igf.finances.gouv.fr/files/live/sites/igf/files/contributed/Rapports%20de%20mission/2024/2023-M-105-03%20Rapport%20Aides%20aux%20entreprises.pdf.
([26]) Meastar gur 5 % a bheidh sa choigilteas (Tuarascáil Ghinearálta Uimh. 144 (2024-2025), Imleabhar II, Leabhrán 1, arna taisceadh an 21 Samhain 2024, í ar fáil ag: Projet de loi de finances pour 2025: Les conditions générales de l'équilibre financier (article liminaire et première partie de la loi de finances) - Sénat).
([27]) Thuairiscigh Lignau (DGE, 2024), i measc na ngnólachtaí nuathionscanta a cruthaíodh ó 2016 i leith, nár bhain ach 44 % acu tairbhe as an scéim creidmheasa cánach taighde in 2017-2021, cé gur bhain siad úsáid as níos mó ná scéimeanna eile amhail stádas na cuideachta nuálaíche óige nó an creidmheas cánach nuálaíochta.

T&F ós rud é go bhfuil na gnólachtaí sin níos srianta ó thaobh airgeadais de. Ar na bearta eile atá ann chun tacú leis an nuálaíocht, áirítear go háirithe an creidmheas cánach nuálaíochta agus stádas cuideachtaí nuálacha óga (*Jeunes Entreprises Innovantes*), rud a sholáthraíonn sochair shóisialta agus fhioscacha do ghnólachtaí nuathionscanta a chomhlíonann critéir shonracha maidir le déine agus fás T&F. Díríonn siad ar FBManna ar bhealach níos fearr, ach tá buiséad i bhfad níos lú acu (thart ar EUR 332 mhilliún don chreidmheas cánach nuálaíochta agus EUR 314 mhilliún don chaiteachas cánach agus sóisialta a théann chun tairbhe do chuideachtaí nuálacha óga ([28]) in 2024). Laghdaíodh na sochair a d'fhabhraigh ó rochtain ar na bearta níos spriocdhírithe sin ar bhealach níos suntasaí i gcoibhneas lena méid ná an creidmheas cánach taighde, de bhun na leasuithe a tugadh isteach le dlí buiséadach 2025 agus leis an Dlí um Maoiniú Slándála Sóisialta le haghaidh 2025.

(29) Tá naisc níos dlúithe idir an eolaíocht agus an gnó, go háirithe trí scéimeanna aistrithe eolais agus teicneolaíochta, ríthábhachtach chun nuálaíocht a ghiniúint. Mar sin féin, is bacainn shuntasach í castacht éiceachóras aistrithe teicneolaíochta agus luachshocraithe taighde na Fraince, mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil mheastóireachta 2019 maidir leis an gclár 'Infheistíochtaí don todhchaí'. Tá an Fhrainc go mór faoi bhun mheán an Aontais le haghaidh T&F poiblí arna mhaoiniú ag gnólachtaí, cás nach bhfuil feabhas tagtha air ó bhí 2019 ann. Is ábhair imní iad deighilt láidir an éiceachórais agus feidhmíocht fho-optamach na bpríomhghníomhaithe amhail cuideachtaí luathaithe aistrithe teicneolaíochta (*Sociétés d'accélération du transfert de technologies*, SATT), institiúidí um thaighde teicneolaíoch (*Instituts de Recherche Technologique*), agus institiúidí ospidéil ollscoile (*Instituts Hopitalo-Universitaires*) ([29]). Mar sin féin, ní dhearnadh aon athchóiriú mór ar shamhail SATT ó bhí 2019 ann. Le déanaí, tugadh isteach tionscnamh na mol nuálaíochta ollscoile (*pôles universitaires d' innovation*) in 2023 chun éiceachórais nuálaíochta áitiúla a neartú, ag cur leis na heagraíochtaí agus na scéimeanna atá ann cheana. Chun torthaí nuálaíochta a fheabhsú, ní mór éifeachtacht an éiceachórais aistrithe eolais agus teicneolaíochta a mhéadú. Is féidir sin a bhaint amach trí dhíriú ar thorthaí nithiúla, amhail méadú suntasach ar chomhduithe paitinne, cosaint maoine intleachtúla, agus cruthú gnó. Dá ndéanfaí an t-éiceachóras a shimpliú, mar shampla trí róil na n-eintiteas atá ann cheana a chuíchóiriú nó trí bhorradh a chur faoin gcomhar eatarthu, d'fhéadfaí torthaí níos fearr a bhaint amach freisin.

(30) Cé gur cheart go gcuirfeadh comhtháthú teicneolaíochtaí digiteacha ar chumas cuideachtaí feabhas a chur ar a dtáirgí agus ar a seirbhísí, agus borradh a chur faoin iomaíochas, tá FBManna na Fraince fós chun deiridh ó thaobh na digiteála de, agus níl ach 68,5 % acu ag baint bunleibhéal déine digití amach in 2024, rud atá faoi bhun mheán an Aontais (72,9 %). Tá an bhearna sin suntasach freisin i bhfianaise sprioc 90 % an Aontais don Deacáid Dhigiteach faoi 2030. Mar shampla, is ísle i bhfad sciar na FBManna Francacha a dhéanann ríomhdhíolacháin ná meán an Aontais (17,6 % agus 23,1 %, faoi seach), rud atá i gcodarsnacht le sciar i bhfad níos airde de thomhaltóirí Francacha a cheannaíonn earraí nó seirbhísí ar líne, ar fud na n-aoisghrúpaí uile, i gcomparáid le meán an Aontais. Ina theannta sin, tá glacadh ardteicneolaíochtaí digiteacha, amhail an intleacht shaorga (IS) agus néalseirbhísí i measc ghnólachtaí na Fraince, go háirithe FBManna, ar gcúl i gcomparáid le meán an Aontais. Is é 75 % de na cuideachtaí sprioc an Aontais maidir le néalseirbhísí a úsáid, anailís ar mhórshonraí nó an intleacht shaorga a úsáid, agus is cosúil go bhfuil an sprioc sin i bhfad rófhada amach. I mí Mheán Fómhair 2018, chuir an Fhrainc an plean um aistriú digiteach i bhfeidhm lena ndírítear ar an tionsclaíocht lena gcumhdaítear bearta go dtí 2023 agus ar fiú EUR 1,3 billiún iad, lena n-áirítear fóirdheontas chun FBManna tionsclaíocha agus cuideachtaí meánchaipitlithe arna maoiniú faoi Shaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta an Aontais ardteicneolaíochtaí digiteacha nua a ghlacadh ([30]). Ghlac an Fhrainc a straitéis náisiúnta maidir leis an intleacht shaorga in 2018. I gcomhthreo, cruthaíodh France Num in 2018, an príomhthionscnamh poiblí maidir le haistriú digiteach FBManna, agus neartaíodh é ó shin. Cuireann sé diagnóisic agus oiliúint ar fáil, agus liostaíonn sé ann líonra comhpháirtithe atá toilteanach tacú le gnólachtaí ina n-iarrachtaí digiteála.

Mar sin féin, cuireann a ról mar idirghabhálaí amháin – is é sin gnólachtaí a nascadh le soláthraithe réiteach digiteach agus gníomhú mar ionad doiciméadachta – teorainn lena chumas tionchar díreach a imirt ar dhigiteáil FBManna. Thairis sin, i ngeall go bhfuil breis agus 100 cineál éagsúil cabhrach airgeadais críochaí ann a bhfuil critéir incháilitheachta éagsúla acu, agus an iliomad údarás ábhartha ann, tá an tírdhreach níos casta do FBManna atá ag lorg tacaíochta ([31]). Tá údar maith le tuilleadh feabhais a chur ar éifeachtacht na tacaíochta poiblí don digiteáil. Bheadh sé tairbhiúil na scéimeanna tacaíochta atá ar fáil a chuíchóiriú agus an cineál tacaíochta a ailíniú ar bhealach níos fearr le riachtanais ghnó agus, ag an am céanna, tús áite a thabhairt do na teicneolaíochtaí is dóichí a chuirfidh

([28]) Bille Airgeadais 2024: Tuarascálacha Reachtacha maidir le Taighde agus Ardoideachas. Tuarascáil Ghinearálta Uimh. 128 (2023-2024), Imleabhar III, Iarscríbhinn 24, arna taisceadh an 23 Samhain 2023, í ar fáil ag: Projet de loi de finances pour 2024: Recherche et enseignement supérieur - Sénat.
Féach freisin Staid an Ardoideachais, an Taighde agus na Nuálaíochta sa Fhrainc 2024, Uimh. 17, Meitheamh 2024, topaic Uimh. 23, í ar fáil ag: Les jeunes entreprises innovantes - état de l'Enseignement supérieur, de la Recherche et de l'Innovation en France nº17.

([29]) An Coiste Faireacháin um Infheistíochtaí don Todhchaí. Evaluation of the First Wave of the Future Investment Program (PIA, 2009-2019), Samhain 2019, le fáil ag: *Le PIA, un outil à préserver, une ambition à refonder.*

([30]) Direction Générale des Entreprises (2024). La numérisation des entreprises industrielles en France: un soutien à la demande et à l'offre de solutions technologiques. Les Thémas de la DGE nº24. Samhain, lch. 8.

([31]) An Seanad, seisiún urghnách 2018-2019, Tuarascáil faisnéise a rinneadh thar ceann thoscaireacht na ngnólachtaí maidir le tacaíocht d'aistriú digiteach FBManna: conas is féidir leis an bhFrainc breith suas lena moill?, leis an Uasal Pascale Gruny (Seanadóir), le fáil ag: Projet de loi de finances pour 2021: Économie - Sénat.

borradh faoi fhás táirgiúlachta ([32]), amhail an intleacht shaorga. Ina theannta sin, dá dtabharfaí isteach rátáil cháilíochta le haghaidh soláthraithe réiteach digiteach liostaithe i líonra France Num, a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar aiseolas ó úsáideoirí, d'fhéadfaí cabhrú le FBManna cinntí eolasacha a dhéanamh.

(31) Tá meascán leictreachais na Fraince dícharbónaithe den chuid is mó ós rud é go bhfuil cumhacht núicléach á táirgeadh aici. Cé is moite de thréimhse COVID-19 – tréimhse inar tháinig laghdú saorga ar astaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) – bhí astaíochtaí GCT á laghdú de réir a chéile ag an bhFrainc i dtéarmaí comhlána níos mó ná 3 % in aghaidh na bliana ó 2019 i leith. Chuir an treocht anuas sin ar chumas na tíre an dara buiséad carbóin (2019-2023) a chomhlíonadh, mar a leagadh amach sa dara straitéis náisiúnta ísealcharbóin, arb é is aidhm di laghdú 40 % a bhaint amach faoi 2030 (i gcomparáid le 1990). Idir 2022 agus 2023, chuir an Fhrainc dlús lena hiarrachtaí dícharbónaithe fiú, agus bhain sí laghdú 5,8 % ar ollastaíochtaí amach. Mar sin féin, tháinig moill shuntasach ar an móiminteam sin in 2024: de réir mheastacháin Citepa ([33]), tháinig laghdú 1,8 % ar astaíochtaí, agus baineadh 366 $MtCO_2$eq amach, rud atá i bhfad ón laghdú bliantúil atá de dhíth chun a huaillmhian aeráide a bhaint amach. Chun leanúint de bheith ailínithe leis an gcéad bhuiséad carbóin eile (2024-2028) faoin tríú straitéis ísealcharbóin (SNBC-3), rud a thacaíonn le sprioc 2030 na Fraince ollastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú faoina leath, ní mór don Fhrainc a hastaíochtaí a laghdú 5 % in aghaidh na bliana go dtí 2030.

Cé go bhfuil a gconair laghdaithe astaíochtaí á coinneáil ar bun ag earnáil an fhuinnimh agus ag an tionscal, tá gá le hiarrachtaí breise ó earnáil an iompair agus earnáil na tógála chun an tríú buiséad carbóin faoi SNBC-3 a chomhlíonadh. Tá an t-iompar fós ar an bpríomhfhoinse astaíochtaí gás ceaptha teasa ([34]) sa Fhrainc agus is é an t-aon earnáil é ar tháinig méadú ar a hastaíochtaí idir 1990 agus 2023. In 2024, de réir na meastachán is déanaí ar Citepa, tháinig laghdú faoi bhun 1 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ón earnáil iompair i gcomparáid le 2023. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le dícharbónú an iompair de bhóthar, go háirithe, ar sciar an-suntasach d'astaíochtaí iomlána an iompair é ([35]), chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí a bhaint amach, i gcás iompar paisinéirí agus lasta araon. Tá gá le dreasachtaí agus scéimeanna tacaíochta leordhóthanacha, mar aon le himscaradh an bhonneagair is gá, ionas go leanfaidh sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha de bheith ag méadú ó thaobh luais de, agus béim ar leith a chur ar úsáideoirí iompair leochaileacha ([36]) agus ar fheithiclí tromshaothair. Is ar na bóithre den chuid is mó atá an t-iompar lasta sa Fhrainc bunaithe go fóill (85 %) agus níl san iompar d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre ach 10 % agus 2 % faoi seach, rud atá faoi bhun mheáin an Aontais ([37]). Chun tacú le haistriú módach ó bhóthar go hiarnród agus uiscebhealaí intíre, ní mór don Fhrainc an Gréasán Tras-Eorpach Iompair (TEN-T) a chomhlánú chun an toilleadh agus dlús an ghréasáin a mhéadú. Dá gcuirfí dlús le himscaradh an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid, rud atá ag feidhmiú faoi láthair ar 10 % dá chroíghréasán TEN-T ([38]), is amhlaidh a chuirfí feabhas freisin ar idir-inoibritheacht, éifeachtúlacht agus sábháilteacht chóras iarnróid an Aontais. Tá acmhainneacht mhór dícharbónaithe ag baint le huiscebhealaí intíre freisin agus d'fhéadfaí leas breise a bhaint astu trí fheabhas a chur ar idir-inoibritheacht, infhaighteacht sonraí agus dlús críochfoirt na seirbhísí faisnéise tráchta abhann.

(32) Tá tomhaltas fuinnimh deiridh na hearnála cónaithe marbhánta ó bhí 2015 ann, agus níor tháinig laghdú 1,1 % ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh chónaithe agus threasacha ach amháin in 2024 i gcomparáid le 2023, de réir na meastachán is déanaí (de réir Citepa). Tá moill ar an bhFrainc maidir le luas an athchóirithe fuinnimh ar fhoirgnimh agus maidir le réitigh níos glaine amhail teaschaidéil a chur in ionad coirí ola agus gáis, i gcomparáid le pleananna náisiúnta ([39]). Ní mór don Fhrainc dlús a chur lena hiarrachtaí an bhearna a dhúnadh chun rannchuidiú fóinteach a dhéanamh lena sprioc laghdaithe 2030 maidir le tomhaltas fuinnimh foirgneamh, i gcomhréir le SNBC-3. Chun tacú leis an éileamh ar athchóiriú fuinnimh, bheadh sé tairbhiúil scéimeanna náisiúnta a chuíchóiriú agus a cistiú a chobhsú, lena n-áirítear trí mhaoiniú príobháideach a ghiaráil, agus aird ar leith á tabhairt ar na teaghlaigh is leochailí agus ar athchóirithe doimhne.

([32]) Rapport CNP (2025) | Un monde en mutation – Productivité, compétitivité et transition numérique, lch 188.

([33]) Is é Citepa (*Centre Interprofessionnel Technique d'Études de la Pollution Atmosphérique*) eagraíocht na Fraince a bhfuil sainordú aici na fardail náisiúnta maidir le gáis ceaptha teasa agus truailliú aeir a tháirgeadh a chuirtear faoi bhráid na Náisiún Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh.

([34]) Sin é 34 % de na hastaíochtaí ar an iomlán (gan buncair idirnáisiúnta a áireamh, amhail an eitlíocht agus loingseoireacht idirnáisiúnta).

([35]) In 2023, 94 % d'astaíochtaí earnáil an iompair a bhí ann, gan buncair idirnáisiúnta a áireamh amhail an eitlíocht agus loingseoireacht idirnáisiúnta (Livre | Chiffres clés du climat 2024, leathanach 56).

([36]) Mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) 2023/955 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena mbunaítear Ciste Aeráide Sóisialta agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1060, is é sin úsáideoirí iompair a chaitheann sciar níos mó dá n-ioncam ar fhuinneamh agus iompar, úsáideoirí nach bhfuil rochtain acu, i réigiúin áirithe, ar réitigh mhalartacha inacmhainne soghluaisteachta agus iompair, agus a bhféadfadh sé nach mbeadh an acmhainneacht airgeadais acu chun infheistíocht a dhéanamh sa laghdú ar ídiú breoslaí iontaise.

([37]) San Aontas, ba é 16,6 % an t-iompar lasta d'iarnród, agus 4,9 % d'uiscebhealaí intíre in 2022.

([38]) I gcodarsnacht, mar shampla, leis an mBeilg (79 %) agus leis an Spáinn (27 %).

([39]) Mar a luaigh Ardrúnaíocht na Pleanála Éiceolaíche (SGPE) i mí na Nollag 2024, (Les Rencontres avec les partenaires du SGPE, Nollaig 2024, leathanach 11).

(33) In 2023, bhí an Fhrainc fós faoi bhun a sprice ceangailtí maidir le fuinneamh in-athnuaite le haghaidh 2020 ([40]). Mar chuid dá plean fioscach-struchtúrach meántéarmach agus chun taca a chur faoi shíneadh ar an tréimhse choigeartúcháin fhioscaigh, gheall an Fhrainc athchóiriú a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin. Mar sin féin, ní thabharfaí aghaidh iomlán air leis na gealltanais ábhartha. Go háirithe, cé go raibh sprioc leagtha síos ag an bhFrainc roimhe seo maidir le fuinneamh in-athnuaite le haghaidh 2030 i nDlí Fuinnimh-Aeráide 2019, níl gealltanas daingean nuashonraithe aici anois spriocanna reatha an Aontais le haghaidh 2030 a chomhlíonadh. Mar aon le moilleanna ar chur chun feidhme rialacha nua maidir le ceadú, cruthaíonn an staid sin éiginnteacht d'infheisteoirí. Os a choinne sin, dá mbeadh an chinnteacht sin ann, is amhlaidh a mheallfaí infheistíochtaí nua, spreagfaí cruthú post áitiúil, agus chuirfí borradh faoi tháirgeadh teicneolaíochtaí glasa, rud a rannchuideodh le margadh rathúil na Fraince. Ní mór don Fhrainc dlús a chur leis an bpróiseas deonaithe ceadanna agus roinnt gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh faoi dhlí de chuid na Fraince maidir le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite. Tá an próiseas chun limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite a ainmniú ag dul go mall: thart ar 2 bhliain tar éis a ghlactha (faoi mhí Iúil 2024), ní raibh 'limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite' ainmnithe ach ag 34 % de na bardais. Dá gcinnteofaí foireann leordhóthanach le haghaidh na riaracháin údarúcháin, d'fhéadfaí dlús a chur leis an bpróiseas sin. Thairis sin, tá gá fós le spriocdhátaí soiléire níos giorra le haghaidh tionscadail lasmuigh de na 'limistéir luathaithe fuinnimh in-athnuaite', chomh maith le hionaid ilfhreastail a thabhairt isteach le haghaidh ceadú maidir le fuinneamh in-athnuaite.

(34) Leis an gciorrú méadaitheach ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus praghsáil dhiúltach in 2023 agus 2024, léirítear na srianta ar eangacha leictreachais agus an gá méadaithe atá le solúbthacht agus stóráil ar thaobh an éilimh ([41]), lena n-áirítear teirmeastóráil. Is gá na réitigh sholúbthachta sin a chur in úsáid níos mó chun méideanna méadaithe fuinnimh in-athnuaite a chomhtháthú san eangach agus chun slándáil an tsoláthair fuinnimh a chinntiú. D'fhógair na hoibreoirí córas leictreachais, mar atá RTE agus Enedis, pleananna móra infheistíochta le déanaí chun an eangach a fhorbairt sna 15 bliana amach romhainn ([42]). Mar sin féin, tá plean RTE fós ag céim an chomhairliúcháin. Le blianta beaga anuas, choimisiúnaigh an Fhrainc tionscadail idirnaisc leis an Iodáil (Savoie-Piedmont), agus níos mó acu beartaithe sna blianta amach romhainn, amhail an tIdirnascaire Ceilteach agus tionscadal Bhá na Bioscáine. Le tabhairt chun críche agus cur chun feidhme tráthúil na bpleananna infheistíochta sin, d'éascófaí infheistíochtaí i bhfoinsí in-athnuaite agus chuirfí dlús leis an dícharbónú. Tá sé ríthábhachtach freisin go gcuirfear san áireamh sa phleanáil fhadtéarmach idirnaisc le tíortha comharsanachta, go háirithe le leithinis na hIbéire, chun borradh a chur faoi chomhtháthú mhargadh an Aontais. Bhí leibhéal idirnaisc leictreachais trasteorann na Fraince in 2024 faoi bhun sprioc 15 % an Aontais ([43]) le haghaidh 2030.

(35) Cé gur tháinig laghdú ar sciar na gcuideachtaí a thuairiscigh deacrachtaí earcaíochta in 2024 agus sa chéad ráithe de 2025 i ngeall ar mhoilliú an gheilleagair, tá próifíl neamhleor na n-iarrthóirí fós ar cheann den dá phríomhbhacainn ar an earcaíocht, mar aon leis an nganntanais lucht saothair, de réir suirbhé a rinneadh le déanaí, go háirithe i bpríomhearnálacha amhail na hearnálacha mótarfheithiclí, tógála agus cúraim ([44]). Tá infheistíocht shuntasach déanta ag an bhFrainc in uas-sciliú agus athsciliú oibrithe, le tacaíocht ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, rud a fhágann go bhfuil méadú beag tagtha ar líon na ndaoine fásta atá rannpháirteach san oiliúint (49,2 % in 2022, i gcomparáid le 48,4 % in 2016). Mar sin féin, níor éirigh leis na cláir sin i gcónaí rannpháirtíocht daoine ar bheagán oiliúna agus oibrithe scothaosta a mhéadú. Bhí tionchar teoranta ag na cláir sin freisin ar rannpháirtíocht san oiliúint d'earnálacha tosaíochta (TFC, sláinte, tógáil, an t-aistriú glas). Sa mheastóireacht ar infheistíochtaí a rinneadh roimhe seo agus a rinneadh le déanaí, amhail an Plean Infheistíochta Scileanna (*plan d'investissement dans les compétences*), cuirtear i dtábhacht nach mbaineann ach 25 % den oiliúint le hearnáil tosaíochta agus nach ndíríonn ach 20 % de na spriocanna oiliúna ar ghairmeacha atá thíos le ganntanais scileanna. Chomh maith leis sin, níor ghlac ach thart ar 25 % de dhaoine fásta ar bheagán cáilíochtaí páirt san fhoghlaim in 2022.

(36) In ainneoin caiteachas poiblí ard ar oideachas, bhí laghdú suntasach ar fheidhmíocht le déanaí i gcóras oideachais na Fraince, rud a léirigh tionchar suntasach chúlra socheacnamaíoch na scoláirí. Ní bhíonn scoláirí Francacha ar an leibhéal bunscoile agus meánscoile, ag déanamh chomh maith céanna sa mhatamaitic agus san eolaíocht i gcomparáid lena bpiaraí san Aontas ([45]), agus tá méadú suntasach tagtha ar sciar na scoláirí 15 bliana d'aois tearcghnóthachtála sa mhatamaitic, sa léitheoireacht agus san eolaíocht ó 2018 i leith ([46]), agus tháinig laghdú ar sciar na scoláirí barrfheidhmíochta. Chomh maith leis sin, is ag an bhFrainc atá cuid de na bearnaí socheacnamaíocha is mó san Aontas. Tá sé ríthábhachtach feabhas a chur ar fheidhmíocht na scoláirí maidir le bunscileanna, ag tosú ó aois óg. Cé go léirítear sna chéad mheastóireachtaí go raibh tionchar dearfach ag méideanna

([40]) In 2023, agus sciar 22,3 % d'fhuinneamh in-athnuaite ina holltomhaltas deiridh fuinnimh aici, bhí an Fhrainc fós faoi bhun a sprice ceangailtí (23 %) maidir le fuinneamh in-athnuaite le haghaidh 2020.
([41]) Bilan électrique 2024 | RTE.
([42]) RTE présente les grandes orientations de sa stratégie de transformation du réseau de transport d'électricité à l'horizon 2040 | RTE.
([43]) Arna shainmhíniú mar acmhainneacht allmhairiúcháin thar thoilleadh giniúna suiteáilte i mBallstát.
([44]) France Travail - Enquête besoin en main-d'œuvre 2025.
([45]) Suirbhé 2023 maidir le Treochtaí sa Staidéar Idirnáisiúnta Matamaitice agus Eolaíochta (TIMSS).
([46]) De réir shuirbhé Chlár Idirnáisiúnta 2022 um Measúnú Daltaí (PISA), thearcfheidhmigh 28,8 % de dhaoine 15 bliana d'aois sa mhatamaitic sa Fhrainc i gcomparáid le 29,5 % san Aontas, thearcfheidhmigh 26,9 % díobh sa léitheoireacht i gcomparáid le 26,2 % san Aontas agus thearcfheidhmigh 23,8 % díobh san eolaíocht i gcomparáid le 24,2 % san Aontas.

ranganna a laghdú faoina leath i ‘réimsí oideachais tosaíochta’ ar thorthaí oideachais na scoláirí, freastalaíonn 70 % de scoláirí faoi mhíbhuntáiste ar scoileanna atá lonnaithe lasmuigh de na réimsí tosaíochta agus dá bhrí sin níl siad incháilithe tacaíocht a fháil. Dá ndéanfaí acmhainní breise a leithdháileadh ar bhealach ní ba chéimsí agus comhar a chothú idir scoileanna faoi mhíbhuntáiste agus gníomhaithe áitiúla, d’fhéadfadh sé a bheith tairbhiúil chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais scoláirí tearcghnóthachtála nó scoláirí faoi mhíbhuntáiste. In 2023, rinne an Aireacht Oideachais bearta chun meascán sóisialta níos fearr a spreagadh i scoileanna poiblí agus príobháideacha, agus thug sí isteach uair an chloig sheachtainiúil de theagasc difreálach sa Fhraincis agus sa mhatamaitic do gach scoláire. Mar sin féin, mar thoradh ar athruithe beartais ar bhonn rialta, ní leor an t-am chun an méid sin a chur chun feidhme agus chun meastóireacht a dhéanamh, agus is lú úinéireacht atá ag an bpobal teagaisc. Trí úsáid níos fearr a bhaint as na sonraí agus na meastóireachtaí atá ann cheana, trí chomhoibriú ar bhealach níos fearr leis an bpobal oideachais, agus trí neamhspleáchas oideolaíoch scoileanna agus múinteoirí a urramú, d’fhéadfadh an méid sin cuidiú chun straitéis bunscileanna níos éifeachtaí a dhearadh.

(37) Cé gur bhain múinteoirí tairbhe as ardú pá in 2023, tá sé róluath chun a thionchar sin a mheas, agus tá imní fós ann maidir le tarraingteacht na gairme agus bíonn tionchar ag ganntanas múinteoirí ar thorthaí oideachais. Is lú agus is lú iarrthóirí a dhéanann na scrúduithe iomaíocha earcaíochta i dtaca le líon na bhfolúntas oscailte, rud a fhágann nach mbíonn na scrúduithe sin chomh roghnaitheach céanna, go háirithe sa mhatamaitic agus i gcás múinteoirí bunscoile i roinnt acadamh ([47]). D’fhéadfaí míniú a thabhairt le roinnt tosca ar an meath atá ag teacht ar tharraingteacht na gairme. In 2022, luaigh 63 % de scoláirí iar-mheánscoile gurb iad na dálaí oibre, lena n-áirítear méid na ranganna (atá ar na ranganna is mó san Aontas), an t-ualach oibre, na rialacha maidir le soghluaisteacht, agus an tuarastal an fáth nach mian leo gabháil don mhúinteoireacht ([48]). Ina theannta sin, dá méadófaí an spleáchas ar mhúinteoirí sealadacha a bhfuil leibhéil níos ísle cáilíochtaí agus taithí acu agus dá mbeadh rochtain níos ísle ar oiliúint acu ná mar atá ag múinteoirí buana, d’fhéadfadh sé sin difear a dhéanamh do cháilíocht an teagaisc. Tá bearta déanta chun feabhas a chur ar dhálaí teagaisc, lena n-áirítear treisiú a dhéanamh ar an oiliúint sa Fhraincis agus sa mhatamaitic do mhúinteoirí bunscoile. Mar sin féin, tá deis ann na bearta sin a leathnú a thuilleadh, go háirithe trí mhéid na ranganna a laghdú trí úsáid a bhaint as an laghdú ar líon na leanaí, agus tríd an oiliúint tosaigh agus leanúnach a ailíniú ar bhealach níos fearr le riachtanais athraitheacha na scoláirí uile ([49]) agus trí níos mó neamhspleáchais a thabhairt do mhúinteoirí agus do scoileanna ([50]). Go háirithe, tugann an Chúirt Iniúchóirí rabhadh go bhfuil raon feidhme teoranta ag príomhoidí sa chleachtas chun iad féin a chur in oiriúint do riachtanais agus do chúinsí áitiúla na scoláirí ([51]). Trí dhul i gcomhairle le múinteoirí agus leis an bpobal teagaisc i gcoitinne maidir leis na pleananna atá ann faoi láthair chun an t-oideachas tosaigh a athchóiriú, d’fhéadfaí úinéireacht agus tarraingteacht a mhéadú freisin.

(38) Is mó an baol bochtaineachta agus eisiaimh shóisialta do leanaí sa Fhrainc i gcomparáid leis an gcuid eile den daonra (26,2 % vs 19 % in 2024) agus do thíortha eile san Aontas (26,2 % vs 24,2 % in 2024). Tá méadú suntasach tagtha freisin ar bhaol na bochtaineachta leanaí agus an eisiaimh shóisialta le blianta beaga anuas ([52]), in ainneoin gur mhaolaigh sé in 2023 agus in 2024, agus bhain sciar na leanaí Francacha atá ina gcónaí i dteaghlaigh gan phost 9 % in 2024, atá ar na rátaí is airde san Aontas. Bíonn dúshláin shuntasacha shonracha roimh theaghlaigh aontuismitheora – ar máithreacha singile a bhíonn ina mbun go minic – maidir le hobair a fháil ([53]), agus i measc na dteaghlach sin a bhfuil obair acu, bhí duine amháin as gach cúigear i mbaol bochtaineachta in 2024. Ceann de na príomhbhacainní atá rompu ná rochtain a fháil ar oideachas agus ar chúram na luath-óige. Is ag an bhFrainc atá ceann de na bearnaí is mó maidir le rochtain ar chúram leanaí idir leanaí faoi bhuntáiste agus leanaí faoi mhíbhuntáiste san Aontas (41,6 pointe céatadáin vs 15,8 pointe céatadáin). In 2024, i gcás 72,6 % de leanaí (0-3 bliana d’aois) atá ina gcónaí i dteaghlaigh atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta, níor bhain siad tairbhe as seirbhísí cúraim leanaí foirmiúla. Cé go bhfuil sciar foriomlán na leanaí a bhfuil rochtain acu ar chúram leanaí sách ard sa Fhrainc, tá difríocht mhór idir infhaighteacht agus costais ar fud chríoch na Fraince ([54]). Ina theannta sin, bíonn deacrachtaí ag teaghlaigh a oibríonn uaireanta neamhchaighdeánacha nó atá dífhostaithe cúram leanaí oiriúnach a fháil ([55]), rud a chuireann isteach ar a n-iarrachtaí post a fháil agus oiliúint a dhéanamh. Dá dtabharfaí aghaidh ar bhacainní sonracha ar an obair agus dá ndéanfaí an rochtain ar oideachas agus ar chúram na luath-óige a fheabhsú, is amhlaidh a chuideofaí le tuismitheoirí oiliúint a fháil, deiseanna fostaíochta níos fearr a chur ar fáil, agus torthaí oideachais leanaí a fheabhsú sa ghearrthéarma agus san fhadtéarma, rud a mbeadh tionchar níos láidre aige ar leanaí faoi mhíbhuntáiste ([56]).

([47]) France Stratégie, 2024, Working in Public Service: The Challenge of Attractiveness.
([48]) Cour de Comptes, Devenir enseignant: la formation initiale et le recrutement des enseignants des premier et second degrés, Rapport public thématique, 2023.
([49]) Éducation: comment mieux orienter la dépense publique, Conseil d’analyse économique, 2025, le fáil ag: Éducation: comment mieux orienter la dépense publique.
([50]) Lastra-Anadón, C. agus S. Mukherjee (2019), Cross-country evidence on the impact of decentralisation and school autonomy on educational performance, Páipéir Oibre ECFE maidir leis an bhFeidearálacht Fhioscach, Uimh. 26, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, https://doi.org/10.1787/c3d9b314-en.
([51]) Cour des comptes, Mobiliser la communauté éducative autour du projet d’établissement, Rapport public thématique, 2023.
([52]) Sa Fhrainc dhúthach (a bhfuil amshraitheanna inchomparáide againn ina leith), tháinig méadú ar sciar na leanaí atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta ó 24,1 % in 2019 go 25,7 % in 2023.
([53]) Sénat (2024). Familles monoparentales: pour un changement des représentations sociétales.
([54]) CNAF-ONAPE, L’accueil des jeunes enfants – Édition 2024.
([55]) Cour des Comptes, La politique d’accueil du jeune enfant, Nollaig 2024.
([56]) OECD (2025), Reducing Inequalities by Investing in Early Childhood Education and Care, Starting Strong, Foilsitheoireacht ECFE, Páras, https://doi.org/10.1787/b78f8b25-en.

(39) I bhfianaise na ndlúth-idirnasc idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro, agus a rannchuidithe chomhchoitinn le feidhmiú an aontais eacnamaíoch agus airgeadais, in 2025 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta i measc rudaí eile, chun Moladh 2025 maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na Fraince, cuidíonn moltaí (2), (3), (4) agus (5) le cur chun feidhme an chéad mholta maidir leis an limistéar euro i dtaca le hiomaíochas, cuidíonn moltaí (4) agus (5) le cur chun feidhme an dara moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le hathléimneacht, agus cuidíonn moladh (1) le cur chun feidhme an tríú moladh maidir leis an limistéar euro i dtaca le cobhsaíocht mhaicreacnamaíoch agus airgeadais a leagtar amach i Moladh 2025.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Fhrainc in 2025 agus 2026 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. Caiteachas agus ullmhacht fhoriomlán i réimse na cosanta agus na slándála a threisiú, agus an inbhuanaitheacht fiachais á háirithiú ag an am céanna agus i gcomhréir leis na conclúidí ón gComhairle Eorpach an 6 Márta 2025. Cloí le huasrátaí fáis an ghlanchaiteachais arna moladh ag an gComhairle an 21 Eanáir 2025, d'fhonn deireadh a chur le heasnamh iomarcach. An tacar athchóirithe agus infheistíochtaí atá mar bhonn taca leis an tréimhse choigeartúcháin fhadaithe a chur chun feidhme, mar a mhol an Chomhairle an 21 Eanáir 2025.

2. I bhfianaise na sprioc-amanna is infheidhme chun athchóirithe agus infheistíochtaí a thabhairt chun críche go tráthúil faoi Rialachán (AE) 2021/241, cur chun feidhme éifeachtach an phlean téarnaimh agus athléimneachta a áirithiú, an chaibidil REPowerEU san áireamh. Dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais comhtháthaithe (CFRE, CUAC, CSE+), agus, i gcás inarb iomchuí, na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an athbhreithniú meántéarma a thapú agus dul chun cinn a dhéanamh dá réir. An úsáid is fearr is féidir a bhaint as ionstraimí an Aontais, na deiseanna a chuirtear ar fáil le clár InvestEU agus leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip san áireamh, chun cur leis an iomaíochas.

3. Rialáil a shimpliú a thuilleadh, an t-ualach riaracháin agus srianta rialála ar ghnólachtaí a laghdú, go háirithe in earnáil na seirbhísí. Déine T&F in earnáil an ghnó a neartú trí dhíriú ar dhóigh níos fearr ar scéimeanna tacaíochta poiblí lena ndreasaítear T&F in earnáil an ghnó agus lena gcuirtear scaipeadh nuálaíochta chun cinn, agus tríd an éiceachóras a thacaíonn leis an gcomhar idir an saol acadúil agus gnólachtaí a dhéanamh níos éifeachtaí. Digiteáil FBManna a fheabhsú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar éifeachtacht na mbeart tacaíochta poiblí atá ann cheana agus atá tiomnaithe don chuspóir sin.

4. Dlús a chur le laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa trí bhacainní a bhaint agus dreasachtaí a sholáthar chun éileamh agus soláthar modhanna iompair agus feithiclí astaíochtaí ísle a mhéadú, tríd an éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú agus spleáchas ar bhreoslaí iontaise i bhfoirgnimh a laghdú trí athchóirithe doimhne a dhreasú. Dlús a chur le húsáid tionscadal fuinnimh in-athnuaite lena n-áirítear trí nósanna imeachta ceadúnúcháin a chuíchóiriú a thuilleadh agus trí bhunú na 'limistéar luathaithe fuinnimh in-athnuaite' a chur i gcrích. Solúbthacht ar thaobh an éilimh agus teicneolaíochtaí stórála a chur chun cinn, agus infheistíocht leordhóthanach in acmhainneacht na heangaí leictreachais a áirithiú, lena n-áirítear in idirnaisc trasteorann.

5. Aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar ghanntanais scileanna trí thacú le rochtain ar oiliúint do dhaoine ar bheagán oiliúna agus do dhaoine scothaosta agus trí fheabhas a chur ar ábharthacht na tairisceana oiliúna don mhargadh saothair. Torthaí oideachais a fheabhsú agus neamhionannais san oideachas a laghdú, lena n-áirítear trína áirithiú go mbainfidh gach scoláire faoi mhíbhuntáiste tairbhe as tacaíocht fheabhsaithe oideachais. Gairm na múinteoireachta a neartú, lena n-áirítear trí fheabhas a chur ar dhálaí oibre agus oiliúint tosaigh agus leanúnach na múinteoirí. Bochtaineacht leanaí a chosc agus a laghdú, trí dheireadh a chur le bacainní a chuireann isteach ar imeascadh na dtuismitheoirí i sa mhargadh saothair agus ar rochtain ar oideachas agus ar chúram ardchaighdeáin na luath-óige do na teaghlaigh is mó atá faoi mhíbhuntáiste.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Iúil 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

S. LOSE